

Ceacht a Dó: Rang 5-6

Nótaí don Mhúinteoir

Sleamhnán 1:

A Mhúinteoir, a chara,

Fearaimid fáilte romhat chuig an dara cheann de cheithre cheacht do rang 5-6, atá ar fáil mar chuid de Dhuaisianna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2023.*

Is é Cúnamh Éireann clár cúnamh oifigiúil Rialtas na hÉireann le haghaidh forbairt thar lear. I gclár an Rialtais do chúnamh forbartha thar lear, díritear ar bhaint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe, agus cuirtear béim ar leith ar an gcomhionannas inscne, ar an ngá le cabhair dhaonnúil a laghdú, ar thacú le gníomhaíochtaí ar son na haeráide, agus ar an rialachas a neartú ar fud an domhain go léir.

Cuireadh Duaisianna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, ar bun in 2005 chun daltaí bunscoile a spreagadh le foghlaim faoin gcaoi a mbíonn Éire, trí chlár Chúnamh Éireann, ag obair ar na fadhbanna sin in éineacht le heagraíochtaí idirnáisiúnta (amhail na Náisiún Aontaithe agus an tAontas Eorpach), rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus pobail éagsúla.

Tá áthas an domhain orainn go bhfuil sé beartaithe agat páirt a ghlacadh sna Duaisianna i mbliana. Tá súil againn go mbainfidh an rang taitneamh as na gníomhaíochtaí agus na scéalta san iris agus sna ceachtanna, agus go spreagfar iad chun a saothar féin a chumadh agus a chur isteach lena fhoilsiú in **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda, an iris ar líne a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí.**

SPRIOC DHÁTA D'IONTRÁLACHA LUATHA:

Dé Luain, 13 Feabhra 2023

Beidh deis ag iontrálacha a fhaightear ó scoileanna faoin 13 Feabhra 2023 bosca d'ábhair ealaíne inbhuanaithe a bhuachan.

SPRIOC DHÁTA DEIRIDH:

Dé hAoine, 31 Márta 2023

Tá sonraí breise le fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie mar aon le faisnéis ar conas is féidir saothar le daltaí a chur isteach don iris **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda**

Tá gach ceacht deartha le haghaidh thart ar 45 nóiméad d'am teagmhála leis an rang. Tá nasc acu leis an gcuiraclam (féach Sleamhnán 2) agus tá siad réidh le húsáid sa seomra ranga. Níl mórán ullmhúcháin le déanamh agat féin ar chor ar bith. Níl le déanamh agat ach na

nótaí don mhúinteoir a léamh (tá na nótaí le fáil ag bun gach sleamhnáin sa ghnáth-amharc) agus dul i dtaithe ar na beochaintí (leis an mód ‘cur i láthair’) roimh an rang.

Ag brath ar an leagan de PowerPoint atá in úsáid agat, b’fhéidir go mbeifeá in ann féachaint ar na nótaí agus an cur i láthair ar siúl. Ná bí buartha mura bhfuil – is féidir pdf de na nótaí sleamhnáin a oscailt agus a phriontáil mar chabhair duit sa rang ar an láithreán gréasáin.

Aithnímid go bhfuil aithne mhaith agat, mar mhúinteoir, ar do chuid daltaí. Mar gheall air sin, is féidir an t-ábhar go léir ar na sleamhnáin a athrú le gur féidir leat athruithe a dhéanamh ar an gceacht lena chur in oiriúint do chomhthéacs agus do riachtanais na leanaí sa rang agat. B’fhéidir go mbeadh sé úsáideach freisin na Treoirínte maidir le Dea-chleachtas a léamh. Tá eolas ann ar an dea-chleachtas maidir le ceachtanna ar an mbochtaineacht agus ar chúrsaí forbartha a theagasc agus tá sé ar fáil ar an láithreán gréasáin freisin.

*Má tá comhghleacaithe leat ag teagasc i rang 3-4, is féidir leat a rá leo go bhfuil ceachtanna atá nasctha le curaclam rang 3-4 le fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie

Bíonn ionadh an domhain orainn gach aon bhliain nuair a fheicimid cé chomh cruthaitheach agus nuálaíoch a bhíonn na daltaí agus na múinteoirí ar fud na tíre a ghlacann páirt sna Duaiseanna. Táimid ag súil go mór le bhur gcuid iarrachtaí a fheiceáil i mbliana ar an téama ‘Comhionannas Do Chách’. Ná déan dearmad bhur n-aistear Dhuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2022, a chomhroinnt linn **@Irish_Aid / @ourworldirishaidawards** ar na meáin shóisialta leis an haischlib **#ourworldawards**.

Le gach dea-ghuí duit féin agus do na daltaí.

Foireann Dhuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne

Sleamhnán 2:

Nótaí don Mhúinteoir (níl aon nótaí ann)

Sleamhnán 3:

Nótaí don Mhúinteoir (níl aon nótaí ann)

Sleamhnán 4: Spriocanna foghlama (2 bheochan i ndiaidh a chéile ag * Clíceáil)

Nóta maidir le híogaireacht: Mar mhúinteoir, tá aithne mhaith agat ar do chuid daltaí. Tá lánchead agat athruithe a dhéanamh ar an gceacht lena chur in oiriúint do riachtanais na leanaí sa rang agat.

Féach na Treoirlínte maidir le Dea-chleachtas. Tá eolas ann ar an dea-chleachtas maidir le ceachtanna ar an mbochtaineacht agus ar chúrsaí forbartha a theagasc, agus tá sé ar fáil i roinn na múinteoirí ar an láithreán gréasáin: www.ourworldirishaidawards.ie

Iarr ar dhaltáí an dá sprioc foghlama le haghaidh Cheacht a Dó a léamh amach.

* **Clliceáil** chun na spriocanna foghlama a bheochan, ceann i ndiaidh a chéile.

Seiceáil go dtuigeann an rang na focail chasta, agus mínigh iad faoi mar is gá.

Is é seo an dara ceacht de chuid Dhuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2023. Baineann an ceacht le Cúnamh Éireann – céard iad féin agus céard a bhíonn ar siúl acu i dtíortha éagsúla le cinntiú go gcuirtear gach duine san áireamh, agus go gcaitear go cóir cothrom le gach aon duine.

Sleamhnán 5: Gníomhaíocht 1 (Cúnamh Éireann) (3 bheochan ag * Clliceáil)

Cúnamh Éireann a thugtar ar chlár Rialtas na hÉireann le haghaidh forbairt thar lear. Ní bhíonn sé éasca an téarma ‘forbairt thar lear’ a thuiscint uaireanta. Ciallaíonn sé a bheith ag obair chun deireadh a chur leis an ocras agus leis an mbochtaineacht agus chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Déanann Cúnamh Éireann é sin ar son mhuintir na hÉireann. Ar an gcaoi sin, tá sé tábhachtach eolas a chur ar obair Chúnamh Éireann.

Bíonn Cúnamh Éireann ag obair le heagraíochtaí idirnáisiúnta (na Náisiúin Aontaithe, mar shampla), rialtais eile, eagraíochtaí neamhrialtasacha (Concern Worldwide, mar shampla), agus le pobail i dtíortha ar fud an domhain mhóir chun iarracht a dhéanamh na Spriocanna Domhanda a bhaint amach. Déantar é sin chun go gcuirtear gach aon duine san áireamh, agus go gcaitear go cóir cothrom le gach duine le gur féidir linn go léir saol níos fearr a chruthú dár dteaghlach.

* **Clliceáil** chun an gif de na 17 Sprioc Domhanda a bheochan

Is spriocanna uilíocha iad na 17 Spriocanna Domhanda. Mar sin, tá siad ann ar mhaithe le gach aon duine, go mór mór na daoine is mó atá i mbaol – daoine nach bhfuil go leor bia maith ná uisce glan acu le maireachtáil go sláintiúil nó daoine nach bhfuil an t-airgead acu a leanaí a chur ar scoil ná cúnamh leighis a fháil nuair is gá.

Mar gheall gur Spriocanna uilíocha iad, bíonn freagracht ar gach duine – mise nó tusa, mar shampla – rud éigin a dhéanamh ar son na Spriocanna Domhanda. Ba cheart do na tíortha sin a bhfuil níos mó airgid acu, Éire mar shampla, tacú le tíortha eile amhail an Mhaláiv nach

bhfuil an t-airgead sin acu, le gur féidir na Spriocanna Domhanda a bhaint amach i ngach áit. Is chuige sin atá Cúnamh Éireann ag saothrú.

*** Cliceáil** chun an bheochan a sheinm sa ghrianghraf de Mary Joseph

*Seo í Mary Joseph. Tá cónaí uirthi lena fear céile agus lena beirt mhac i mbaile beag sa Mhaláiv. In 2018, chuaigh Mary Joseph isteach i gclár atá á mhaoiniú ag Cúnamh Éireann agus atá á chur ar siúl ag Concern Worldwide ar a dtugtar Tiwoloke ('trasnaímis' an chiall atá le Tiwoloke sa tSiséivis, teanga áitiúil sa Mhaláiv)** Bhí teaghlach Mary Joseph ag streachailt leis an mbochtaineacht agus leis an neamhionannas sula ndeachaigh sí isteach sa chlár. A bhuí lena gcuid oibre féin agus leis an oiliúint agus leis an tacaíocht ghnó a fuair sí ó chlár Tiwoloke, thóg Mary Joseph siopa rathúil. Bhí sí ábalta airgead a chur ar leataobh chun teach nua a thógáil agus rothar a cheannach. Is sampla é sin den chineál tacaíochta a thugann Cúnamh Éireann i dtíortha éagsúla ar fud na cruinne.*

**** Cliceáil** ar na taifeadtaí fuaime faoin ngrianghraf de Mary Joseph chun éisteacht le fuaimniú ceart na bhfocal 'Tiwoloke' agus 'Chichewa' (an tSiséivis).

*** Cliceáil** chun na Spriocanna atá ábhartha don dul chun cinn sa Mhaláiv a bheochan

Is iad na Spriocanna Domhanda a bhaineann leis an scéal seo faoin dul chun cinn ná Sprioc 1: Deireadh le bochtaineacht, Sprioc 4: Oideachas den scoth, Sprioc 5: Comhionannas inscne, Sprioc 8: Obair fhóna, Sprioc 10: Neamhionannais laghdaithe, Sprioc 17: Comhpháirtíocht ar son na Spriocanna.

Tá tuilleadh faisnéise ar an obair a fhaigheann tacaíocht ó Chúnamh Éireann sa Mhaláiv le fáil ar leathanaigh 5-6 den iris do dhaltá, 2023, agus i gCeacht 3 (Roinn na múinteoirí: www.ourworldirishaidawards.ie)

Sleamhnán 6: Gníomhaíocht 2 (Scéalta faoi dhul chun cinn) (gan bheochan)

Nóta maidir le híogaireacht: Má tá daltaí sa rang agat a bhfuil nasc acu le ceann de na tíortha i nGníomhaíocht 2, seiceáil leo ar mhaith leo aon rud a rá agus tú ag dul trí Shleamhnán 7-9. Féach na [Treoirí maidir le Dea-chleachtas](#). Tá eolas ann ar an dea-chleachtas maidir le ceachtanna ar chúrsaí forbartha a theagasc, agus tá sé ar fáil i roinn na múinteoirí ar an láithreán gréasáin: www.ourworldirishaidawards.ie

Foghlaimimis faoi obair Chúnamh Éireann chun na Spriocanna Domhanda a bhaint amach i dtíortha ar fud na cruinne.

NB: Ar Shleamhnán 7-9 agus ar leathanach 5 d'iris Dhuaisanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne 2023, gheobhaidh tú an fhaisnéis go léir a bheidh ag teastáil ó na

daltaí chun dul i gcoinne an chloig inár gcluiche 'Roth Spriocanna Domhanda' atá ar fáil ar líne ar <https://globalspinner.ourworldirishaidawards.ie/#/game/title>

Sleamhnán 7: Gníomhaíocht 2 (Scéalta faoi dhul chun cinn) (3 bheochan i ndiaidh a chéile ag * Clliceáil)

Iarr ar thriúr daltaí an fhaisnéis ar an Aetóip, ar an Tansáin agus ar Uganda ar an sleamhnán a léamh amach. Míniú aon fhocal nó aon fhrása casta atá ann. Mar shampla, barr is ea sorgam (an Tansáin) nó muillead agus úsáidtear é mar mhalairt ar rís nó déantar plúr de chun arán, cácaí agus mar sin de a dhéanamh.

Roinn na daltaí ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga.

Tá trí cheist agam, ceist amháin faoi gach tír ar an sleamhnán. Ba cheart duit féin agus do chomhpháirtí nó do ghrúpa an cheist a phlé agus na freagraí a bhreacadh síos. Ansin, tabharfaidh mé na freagraí daoibh.

Má thaitníonn comórtas leis na daltaí, is féidir leat é a dhéanamh i bhfoirm thráth na gceist. 8 gceist atá ar shleamhnán 7-9, mar sin beidh neart deiseanna ag daltaí an comórtas a bhuachan. Is féidir leis na beirteanna/grúpaí ainm grúpa a roghnú, agus d'fhéadfá scórchlár a úsáid chun an scór a choinneáil agus an scórchlár a athrú tar éis gach babhta.

1. *Liostaigh na Spriocanna Domhanda a bhaineann le hobair Chúnamh Éireann san Aetóip.*

Tá grafaic de na 17 Sprioc Dhomhanda le fáil ar Shleamhnán 6 mar thagairt.

2. *An féidir leat ceann de na tíortha atá in aice leis an Tansáin a ainmniú? Má tá léarscáil den domhan ar an mballa sa seomra ranga, is féidir leat é sin a thaispeáint.*

3. *Tá a chroí istigh san oideachas ag Rinyamoe Ignatius Loyla, agus ba é sin a spreag é chun a ghairdín a chur ar fáil mar sheomra ranga amuigh faoin aer. Chonaiceamar duine (cáiliúil) eile i gceacht 1 / leathanach 3 den iris do dhaltaí, agus tá an spéis chéanna san oideachas ag an duine sin. Cé atá ann?*

Nuair a thugann tú na trí fhreagra (thíos), * **clliceáil** faoi thrí chun na híomhánna a thaispeáint ar an sleamhnán. Iarr ar na daltaí a lámha a chur suas má bhí an freagra ceart acu.

1. Is iad na Spriocanna Domhanda a bhaineann le hobair Chúnamh Éireann san Aetóip ná Sprioc 4: Oideachas den scoth, Sprioc 10: Neamhionannais laghdaithe; agus Sprioc 17: Comhpháirtíocht ar son na Spriocanna.

2. Tá an Chéinia, Mósaimbíc, an tSaimbia, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, an Bhurúin. Ruanda agus Uganda in aice leis an Tansáin.

3. Ar aon dul le Rinyamoe Ignatius Loyla, creideann Malala Yousafzai go diongbháilte i luach an oideachais agus oibríonn sí go crua chun a chinntiú go dtéann cailíní ar scoil agus go bhfanann siad ann.

Sleamhnán 8: Gníomhaíocht 2 (Scéalta faoi dhul chun cinn) (2 bheochan ag * Clíceáil)

Iarr ar bheirt daltaí an téacs faoin Maláiv agus faoi Mhósaimbíc a léamh. Mínigh aon fhocal nó aon fhrása casta atá ann. Mar shampla, is limistéar cosanta é tearmann nó anaclann dúlra (Mósaimbíc) nó páirc fiadhúlra.

Féachaimis cén chaoi a n-éireoidh libh leis an sleamhnán seo. Tá dhá cheist agam, ceist amháin faoi gach tír ar an sleamhnán. Ba cheart duit féin agus do chomhpháirtí nó do ghrúpa na ceisteanna a phlé agus na freagraí a bhreacadh síos.

1. Thug Cúnamh Éireann airgead do Concern Worldwide (eagraíocht neamhrialtasach) chun tacú le teaghlaigh, amhail muintir Manjolo, sa Mhaláiv (taispeáin an grianghraf ar an sleamhnán) éalú ón mbochtaineacht. Ainmnigh na Spriocanna Domhanda a bhaineann le hobair Chúnamh Éireann i gcomhar le Concern Worldwide sa Mhaláiv. Tá grafaic de na 17 Sprioc Dhomhanda le fáil ar Shleamhnán 6 mar thagairt.

2. Ainmnigh trí ainmhí ar a laghad atá le fáil i Mósaimbíc.

Nuair a thugann tú an dá fhreagra (thíos), * **clíceáil** chun na híomhánna a thaispeáint ar an sleamhnán. Iarr ar na daltaí a lámha a chur suas má bhí an freagra ceart acu.

1. Is iad na Spriocanna Domhanda a bhaineann le hobair a dtacaíonn Cúnamh Éireann léi sa Mhaláiv ná Sprioc 8: Obair fhónta agus fás sa gheilleagar; Sprioc 10: Neamhionannais laghdaithe; agus Sprioc 17: Comhpháirtíocht ar son na Spriocanna

2. Tá (ar barr, ó chlé go deas) séabraí, eilifintí, (ar bun, ó chlé go deas) crogail, leoin, agus moncaithe go léir le fáil i Mósaimbíc.

Comhghairdeachas leis na daltaí a chonaic go bhfuil hataí na Nollag ar na hainmhithe!

Sleamhnán 9: Gníomhaíocht 2 (Scéalta faoi dhul chun cinn) (2 bheochan ag * Clíceáil)

Iarr ar thriúr daltaí an téacs faoi Shiarra Leon, faoin tSaimbia agus faoi Vítneam a léamh. Mínigh aon fhocal nó aon fhrása casta atá ann.

Is iad seo na ceisteanna deireanacha. Féachaimis cén chaoi a n-éireoidh libh. Tá dhá cheist agam: ceist amháin faoi Shiarra Leon agus an cheist eile faoin tSaimbia agus faoi Vítneam le chéile. Mar a rinneamar cheana, pléigh na ceisteanna le do chomhpháirtí nó leis an ngrúpa agus breac síos na freagraí.

1. Ainmnigh na Spriocanna Domhanda a bhaineann le hobair Chúnamh Éireann leis an Aireacht Oideachais i Siarra Leon. Tá grafaic de na 17 Sprioc Dhomhanda le fáil ar Shleamhnán 6 mar thagairt.

2. Luaigh dhá Sprioc Dhomhanda ar a laghad a bhaineann le hobair a dtacaíonn Cúnamh Éireann léi sa tSaimbia agus i Vítneam.

Nuair a thugann tú an dá fhreagra (thíos), * **cliceáil** chun na híomhánna a thaispeáint ar an sleamhnán. Iarr ar na daltaí a lámha a chur suas má bhí an freagra ceart acu.

1. Is iad na Spriocanna Domhanda a bhaineann le hobair Chúnamh Éireann leis an Aireacht Oideachais i Siarra Leon ná Sprioc 4: Oideachas den scoth; Sprioc 6: Uisce glan agus sláintíocht; Sprioc 10: Neamhionannais laghdaithe; agus Sprioc 17: Comhpháirtíocht ar son na Spriocanna.

2. Is iad na Spriocanna Domhanda a bhaineann le hobair a dtacaíonn Cúnamh Éireann léi sa tSaimbia agus i Vítneam ná Sprioc 1: Deireadh le bochtaineacht; Sprioc 4: Oideachas den scoth, Sprioc 5: Comhionannas inscne; Sprioc 10: Neamhionannais laghdaithe.

NB: Ar Shleamhnán 7-9 agus ar leathanach 5 d'iris Dhuaisianna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne 2023, gheobhaidh tú an fhaisnéis go léir a bheidh ag teastáil ó na daltaí chun dul i gcoinne an chloig inár gcluiche 'Roth Spriocanna Domhanda' atá ar fáil ar líne ar <https://globalspinner.ourworldirishaidawards.ie/#/game/title>

Sleamhnán 10: Gníomhaíocht 3 (Gníomhaithe Spriocanna Domhanda) (3 bheochan i

ndiaidh a chéile ag * Cliceáil)

Beimid páirteach i nDuaisianna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne.

Beidh na saothair bunaithe ar 'Comhionannas do Chách', téama na nDuaisianna 2023, ar na Spriocanna Domhanda go ginearálta agus/nó ar obair Chúnamh Éireann i dtíortha éagsúla.

* **Cliceáil** chun an bheochan a sheinm sna samplaí d'iontrálacha

Léigh an cur síos ar gach saothar agus luaigh an bhéim (obair Chúnaimh Éireann chun dul chun cinn a dhéanamh ar na Spriocanna Domhanda i dtíortha éagsúla timpeall an domhain) agus formaid na n-iontrálacha (Scoil Náisiúnta Naomh Bríd = PowerPoint agus póstaer; Scoil Náisiúnta Naomh Fiachra = beochan; Scoil Náisiúnta Bhearna Chearúill = crosfhocal).

Is féidir saothar a chur isteach i bhformáid ar bith. Mar sin, is féidir linn gearrscéalta, dánta, suirbhéanna, físeán de thaibhiú, póstaer, nó rud éigin eile a chur isteach. Mar sin, téigi i mbun machnaimh!

Is féidir linn cibé am atá ag teastáil a ghlacadh chun ár saothar a chumadh, agus is féidir linn roinnt saothair éagsúla a chur isteach.

*Bronnfar deimhniú rannpháirtíochta orainn as saothar a chur isteach. B'fhéidir go bhfoilseofaí saothar linn in eagrán de **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda, na hirisí ar líne a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí**. Tabharfar cuireadh do na múinteoirí/daltaí a chum na saothair is fearr teacht chuig na Gradaim Náisiúnta agus foilseofar a saothar in **Bliainiris Gníomhaithe Spriocanna Domhanda i mí an Mheithimh 2023**. Beidh an bhliainiris ar fáil ar líne agus mar iatán i nuachtán náisiúnta. Bronnfar cóip de Bliainiris Gníomhaithe Spriocanna Domhanda ar gach buaiteoir mar aon le plaic nó corn don scoil.*

Féach www.ourworldirishaidawards.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil mar aon le sonraí faoi iontrálacha a chur isteach ar Dhuaisanna Chúnaimh Éireann: An Domhan Seo Againne

SPRIOCDHÁTA D'IONTRÁLACHA LUATHA:

Dé Luain, 13 Feabhra 2023

Beidh deis ag iontrálacha a fhaightear ó scoileanna faoin 13 Feabhra 2023 bosca d'ábhair ealaíne inbhuanaithe a bhuachan.

SPRIOCDHÁTA DEIRIDH:

Dé hAoine, 31 Márta 2023

Líon isteach Foirm Iontrála (tá an fhoirm le fáil sa phacáiste eolais do mhúinteoirí nó is féidir í a íoslódáil ónár láithreán gréasáin) agus seol isteach an saothar ar ríomhphost chuig ourworld@realnation.ie nó sa phost chuig:

Duaisanna Chúnaimh Éireann:
An Domhan Seo Againne
Real Nation
24 Cé Árann, Baile Átha Cliath 7
D07 W620

Tá faisnéis bhreise le fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie

Is féidir ríomhphost a sheoladh chuig an oifig tionscadail nó glaoch orainn má bhíonn ceist ar bith agat faoi Dhuaisanna Chúnaimh Éireann: An Domhan Seo Againne, nó faoi shaothair a chur isteach:

Ríomhphost: ourworld@realnation.ie / **Fón:** 01 522 4834

Ba bhreá linn scéala a fháil uait ar conas atá ag éirí leat leis na hábhair churaclaim agus leis na saothair a bheidh á gcur isteach do na Duaiseanna. Is féidir bhur n-aistear Dhuaiseanna Chúnámh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2022, a chomhroinnt linn **@Irish_Aid / @ourworldirishaidawards** ar na meáin shóisialta leis an haischlib **#ourworldawards**

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

Tá acmhainní breise Chúnámh Éireann le fáil do dhaltáí bunscoile:
<https://www.irishaid.ie/teaching-and-learning/primary/>

Sleamhnán 11: Machnamh ar an bhfoghlaim (3 bheochan ag * Cliceáil – 2 bheochan i ndiaidh a chéile ar an dara cliceáil)

Glacaimis cúpla nóiméad chun smaoineamh ar an méid a d'fhoghlaimíomar sa cheacht seo.

Samhlaigh go bhfuil tú ag imirt cispheile.

Faoi mar a léirítear ar an scáileán na rudaí go léir a bhí le foghlaim sa cheacht seo, ba cheart duit na rudaí seo a mhímeáil:

- *An ciseán buaiteach a fháil sa chluiche – má tá tú sásta gur fhoghlaim tú rud éigin*

* **Cliceáil** chun beochan a sheim den liathróid ag dul isteach sa chiseán lena bhfuil i gceist agat a léiriú

- *An liathróid a dhruibleáil – má tá beagán tacaíocht bhreise uaim féin nó ó dhuine eile sa rang ag teastáil uait le bheith ábalta a rá gur fhoghlaim tú rud éigin*

* **Cliceáil** chun beochan a sheim i ngach ceann de na spriocanna foghlama don cheacht seo, agus léigh amach os ard iad nuair a thaispeántar iad.

Féach cé na daltaí a bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil uathu.

Tá sár-obair déanta agaibh, agus is Gníomhaithe Spriocanna Domhanda den chéad scoth sibh go léir.

Sleamhnán 12: Smaoineamh faoi iontráil ar na Duaiseanna (gan bheochan)

Cruthaigh cuardach focal (10 ró agus 10 gcolún) bunaithe ar an méid a d'fhoghlaim tú faoi obair Chúnamh Éireann chun dul chun cinn a dhéanamh faoi na Spriocanna Domhanda i dtíortha éagsúla ar fud na cruinne.

Seo roinnt ceisteanna chun an t-eolas go léir a d'fhoghlaimíomar go dtí seo a thabhairt chun cuimhne.

- Céard is Cúnamh Éireann ann go díreach?
- Cé hiad na grúpaí nó na heagraíochtaí eile a mbíonn Cúnamh Éireann ag obair leo?
- An féidir leat aon cheann de na tíortha sin ina mbíonn Cúnamh Éireann ag obair a ainmniú?
- Cén cineál oibre lena mbíonn Cúnamh Éireann ag tacú?
- Cé na Spriocanna Domhanda a bhfuil nasc acu leis an obair sin?

Iarr ar chara leat nó ar dhuine den teaghlach triail a bhaint as an gcuardach focal.

Iarr ar do mhúinteoir do chuardach focal a sheoladh chugainn (sonraí iontrála le fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie). Ní bheadh a fhios agat – seans go bhfoilseofaí saothar leat in eagrán de **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda, iris a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí, in 2023.**
